Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021
(OR. en)

14943/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0406 (COD)**

COMER 113
IA 204
CODEC 1634

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 775 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 775 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 775 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.12.2021
COM(2021) 775 final

2021/0406 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha**

{SEC(2021) 418 final} - {SWD(2021) 371 final} - {SWD(2021) 372 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm don togra seo le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chosaint trína chur ar chumas an Aontais freagairt don chomhéigean eacnamaíoch. Tagraíonn comhéigean eacnamaíoch do chás ina bhfuil tríú tír ag iarraidh brú a chur ar an Aontas nó ar Bhallstát rogha beartais ar leith a dhéanamh trí bhearta a chur i bhfeidhm a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht i gcoinne an Aontais nó i gcoinne Ballstáit, nó trí bhagairt ar iad a chur i bhfeidhm. Tá sé d'aidhm ag freagairt an Aontais, nó den fháil ar an bhfreagairt sin, tríú tíortha a dhíspreagadh ó bheith ag gabháil don chomhéigean eacnamaíoch, ar an gcéad dul síos, nó iad a dhíspreagadh ó leanúint leis an gcomhéigean eacnamaíoch, má tharlaíonn comhéigean eacnamaíoch. Mar rogha dheireanach, féadfaidh an tAontas gníomhú in aghaidh an chomhéigin eacnamaíoch. Féadfaidh freagairt an Aontais a bheith i bhfoirm raon leathan beart, tar éis cinneadh maidir le gníomh a bheith comhéigneach, lena n-áirítear iarrachtaí dul i mbun comhairliúcháin leis an tríú tír lena mbaineann chun réiteach comhaontaithe nó breithnithe a éascú, i gcás inar féidir, frithbhearta éagsúla agus comhar idirnáisiúnta.

Is é is aidhm don togra seo bearna sa reachtaíocht a leigheas chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chomhéigin eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. Níl creat reachtach ag an Aontas faoi láthair chun gníomhú i gcoinne an chomhéigin eacnamaíoch. Ní théann aon cheann de na hionstraimí dlíthiúla atá ann cheana i ngleic le saincheist an chomhéigin eacnamaíoch.

Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar úsáid shuntasach an chomhéigin eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha a bhagraíonn an bonn a bhaint de chearta agus de leasanna an Aontais agus na mBallstát. Is iomaí foinse atá ann den chomhéigean eacnamaíoch agus is ábhar imní don mhórchuid iad.

Ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Dearbhú Comhpháirteach inar aithin siad go raibh baint ag gníomhaíochtaí tríú tíortha, ar gníomhaíochtaí iad a fhéachann le comhéigean a dhéanamh idir an tAontas nó Ballstát, chun bearta áirithe beartais a dhéanamh nó a tharraingt siar[1]. Sa Dearbhú Comhpháirteach tá gealltanas an Choimisiúin togra reachtach a dhéanamh le haghaidh ionstraime chun comhéigean eacnamaíoch a dhíspreagadh agus chun gníomhú in aghaidh an chomhéigin eacnamaíoch faoi dheireadh 2021 ar a dhéanaí. Thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gealltanas go ndéanfaidh siad machnamh ar an togra ar bhealach tráthúil.

D'fhógair Uachtarán an Choimisiúin an tionscnamh ina Litir Intinne chuig Uachtarán na Parlaiminte agus chuig Uachtarán na Comhairle an 16 Meán Fómhair 2020 faoin gceannteideal "Geilleagar a fhóireann do dhaoine". Aithnítear i gClár Oibre an Choimisiúin do 2021 gur tionscnamh ríthábhachtach é an tionscnamh le haghaidh na tréimhse tagartha.

---

[1] IO C 49, 12.2.2021, lch. 1. Glacadh an Dearbhú Comhpháirteach i gcomhthéacs an phróisis reachtaigh in 2020 chun an Rialachán maidir le Forfheidhmiú Trádála AE a leasú, áit ar chuir Parlaimint na hEorpa agus roinnt Ballstát imní in iúl maidir le saincheist an chomhéigin eacnamaíoch, agus bhí na hábhair imní sin ar aon intinn ag an gCoimisiún.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá saincheist an chomhéigin eacnamaíoch i gclár oibre reatha an Aontais maidir le beartas trádála. Is é is aidhm don Teachtaireacht maidir le hAthbhreithniú ar an mBeartas Trádála i mí Feabhra 2021[2] comhdhearcadh nua a mhúnlú maidir le beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach i gcomhthéacs dúshlánach eacnamaíoch agus geopholaitiúil. Tagraíonn sé go sonrach do thogra ón gCoimisiún a bheidh ann amach anseo le haghaidh ionstraim frithchomhéigin. Pléitear sa Teachtaireacht an gá atá le dul i muinín an teannais dhomhanda atá ag teacht chun cinn leis an trádáil a bheith úsáidte go minic mar arm i gcomhthéacs geo-eacnamaíoch agus béim á leagan ag an am céanna ar nádúr idirnasctha gheilleagar an Aontais le geilleagair tríú tíortha, ar an ngá atá le comhar domhanda agus ar an ngá atá le hathléimneacht an Aontais a neartú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhlántach le tionscnaimh níos struchtúraí eile chun athléimneacht chóras eacnamaíoch agus airgeadais an Aontais a fheabhsú i bhfianaise cineálacha éagsúla brú seachtrach. Is é is aidhm leis an nuashonrú ar Straitéis Thionsclaíoch an Aontais i mí na Bealtaine 2021 athléimneacht an mhargaidh aonair a neartú agus aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha[3]. Tá ról lárnach ag an straitéis sin maidir le téarnamh agus le haistriú glas agus digiteach, agus maidir le hathléimneacht an Aontais a threisiú, rud a dtacaíonn beartais láidre iomaíochta agus trádála léi. Áiritheoidh an Leas-Uachtarán a bhfuil caidreamh seachtrach de chúram air comhsheasmhacht le réimsí éagsúla na gníomhaíochta seachtraí laistigh den Choimisiún.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 207(2) CFAE is bunús dlí leis an rialachán atá beartaithe. Déantar foráil in Airteagal 207(2) CFAE maidir le bearta a ghlacadh lena sainítear an creat chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme. Sainítear in Airteagal 207(1) CFAE raon feidhme an chomhbheartais tráchtála, a thagraíonn, inter alia, do thrádáil earraí agus seirbhísí, agus do ghnéithe tráchtála na maoine intleachtúla, na hinfheistíochta dírí eachtraí, an bheartais onnmhairiúcháin agus bearta chun trádáil a chosaint. Baineann an tionscnamh le bearta tíortha eachtracha atá i bhfoirm beart a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht chuig an Aontas. Tugann an tionscnamh freagra, i réimse an chomhbheartais tráchtála agus i réimsí eile freisin, ar bhearta um chomhéigean eacnamaíoch tíortha eachtracha. Agus na Conarthaí á gcomhlíonadh go hiomlán, beidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo comhsheasmhach le beartas seachtrach foriomlán an Aontais.

---

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Feabhra 2021 maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, COM(2021) 66 críochnaitheach.

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Updating the 2020 New Industrial Strategy' [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta]: Building a stronger Single Market for Europe's recovery [Margadh Aonair níos láidre a thógáil do théarnamh na hEorpa], an 5 Bealtaine 2021 COM(2021) 350 críochnaitheach.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Foráiltear le hAirteagal 5(3) CAE go bhfuil feidhm ag prionsabal na coimhdeachta i réimsí nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Foráiltear le hAirteagal 3(1)(e) CFAE go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas i réimse an chomhbheartais tráchtála. Tagann Airteagal 207(2) CFAE faoi chatagóir na n-inniúlachtaí eisiacha. Dá bhrí sin, ní thagann ceist na coimhdeachta chun cinn a mhéid a thagann bearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch agus/nó freagairt an Aontais faoin gcomhbheartas tráchtála.

In aon chás, is le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amháin a d'áiritheofaí réiteach aonfhoirmeach ar fhadhb is ábhar imní don Aontas ina iomláine. Is iad na Ballstáit atá freagrach as a gcearta a chosaint faoin dlí idirnáisiúnta agus tá siad in ann gníomhú chun na cearta sin a chosaint. Áirítear leis sin a gceart chun gníomhú i gcoinne comhéigean eacnamaíoch idirnáisiúnta, fad is a dhéanann siad amhlaidh gan bearta a dhéanamh a bhfuil an tAontas inniúil go heisiach ina leith. Mar sin féin, ní féidir le Ballstát reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm chun comhéigean eacnamaíoch atá dírithe ar an Aontas agus nach bhfuil i gcoinne an Bhallstáit sin a chumhdach. Thairis sin, ní bheadh an reachtaíocht náisiúnta in ann réiteach éifeachtach a chur ar fáil sa chás is ábhar imní don Aontas ina iomláine ná ar fud na mBallstát. Is í gníomhaíocht an Aontais an t-aon rogha amháin faoinar féidir leis an Aontas a oibleagáid a chur chun feidhme maidir leis an gcomhbheartas tráchtála a shainiú agus a sheoladh, agus ní féidir leis na Ballstáit gníomhú sa réimse sin.

I gcás iomláine, meastar gurb é an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais sochair a bhaint amach nach féidir a bhaint amach go leordhóthanach, más rud é ar chor ar bith, ar leibhéal na mBallstát. Baineann na tairbhí sin le díspreagadh agus le frithéileamh i gcoinne comhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha chun neamhspleáchas an Aontais agus na mBallstát ó thaobh ceapadh beartas de a chaomhnú agus an trádáil agus an infheistíocht a chosaint ón armáil.

- **Comhréireacht**

Urramaíonn an togra prionsabal na comhréireachta. Creat cuimsitheach le haghaidh gníomhaíochta i gcoinne comhéigean eacnamaíoch a bheadh san ionstraim atá beartaithe. Is ionann a struchtúir agus srian i ngníomh chun iarracht a dhéanamh saincheisteanna a imscrúdú agus a réiteach ar dtús gan dul i muinín frithbhearta (éifeacht díspreagtha, iarrachtaí chun réitigh chomhaontaithe nó réitigh a bhreithniú). Tugann an ionstraim seo tús áite go sainráite do chur chuige neamh-idirghabhálacha (réitigh chomhaontaithe i gcoinne frithbheart). Mar sin féin, i gcás ina mbeadh gá leis, bheadh an tAontas in ann freagairt a thabhairt ar fhrithbhearta. Áirítear go sainráite sna critéir roghnúcháin ceanglas nach mór d'aon fhreagairt ón Aontas, agus go háirithe frithbhearta, a bheith i gcomhréir leis an díobháil a fhreagraíonn dóibh i gcásanna aonair, i gcomhréir freisin le ceanglais an dlí idirnáisiúnta. Forordaítear leis na critéir roghnúcháin freisin go mbeidh an damáiste comhthaobhachta agus an t-ualach riaracháin chomh beag agus is féidir. Dá bhrí sin, ní hamháin go mbeadh an ionstraim féin comhréireach, ach bheadh bearta a ghlacfar fúithi comhréireach freisin[4].

4 I Roinn 9 den tuarascáil ar an measúnú tionchair, tá plé ar chomhlíonadh phrionsabal na comhréireachta maidir leis an rogha thosaíochta.

- **An rogha ionstraime**

Ar bhonn Airteagal 207(2) CFAE, moltar go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais chun freagairt do thríú tíortha i gcásanna aonair comhéigean eacnamaíoch, lena n-áirítear trí ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE, agus raon na bhfrithbheart a d'fhéadfadh a bheith ann a fhorlíonadh agus na rialacha is infheidhme maidir le tionscnamh a oiriúnú trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE. Faoi láthair, níl creat reachtach tiomnaithe ag an Aontas chun leasanna an Aontais agus na mBallstát a chosaint i gcás sonrach an chomhéigin eacnamaíoch. Dá réir sin, leigheasann an togra an bhearna sin.

Leis an ionstraim reachtach aonair chuimsitheach atá beartaithe, is fearr a bhainfear amach an cuspóir sonrach maidir le comhéigean eacnamaíoch a dhíspreagadh, ar an gcéad dul síos. Ar an dara dul síos, áirithítear leis freagairt éifeachtach, éifeachtúil agus thapa ón Aontas do chásanna aonair comhéigean eacnamaíoch, má tharlaíonn comhéigean eacnamaíoch, rud atá chomh tábhachtach céanna don éifeacht díspreagtha. Ar an tríú dul síos, is í an rogha is oiriúnaí foráil a dhéanamh maidir le haonfhoirmeacht na rialacha agus na nósanna imeachta i ndáil le freagairt an Aontais.

Ar bhonn níos ginearálta, comhfhreagraíonn ionstraim reachtach thiomnaithe den sórt sin lena leagtar amach rialacha agus nósanna imeachta do ghníomhaíocht an Aontais le go gcloífidh an tAontas le cur chuige riailbhunaithe, go hidirnáisiúnta freisin. Is comhartha é do chomhpháirtithe idirnáisiúnta nach bhfuil an tAontas toilteanach glacadh le comhéigean eacnamaíoch. Leagann sí béim ar threallús agus athléimneacht an Aontais, agus tacaíonn sí leis na hiarrachtaí chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte a áirithiú.

## 3. TORTHAÍ Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARASA AGUS ÓN MEASÚNÚ TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin fhorleathana le páirtithe leasmhara maidir le comhéigean eacnamaíoch, ionstraim reachtach fhéideartha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici[5]:

– an 17 Feabhra 2021, d'fhoilsigh sé an measúnú ar thionchar tionscanta le haghaidh aiseolas ó pháirtithe leasmhara go dtí an 17 Márta 2021[6];

– an 23 Márta 2021, sheol sé comhairliúchán poiblí oscailte maidir le EUSurvey i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ar feadh 12 seachtaine, go dtí an 15 Meitheamh 2021[7];

---

5 Tá an straitéis chomhairliúcháin ar fáil ag an nasc seo a leanas: I dtreo ionstraim frithchomhéigin AE – Trádáil – An Coimisiún Eorpach (europa.eu). I dtuarascáil achoimre atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair, pléitear torthaí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin uile.

6 Tá an t-aiseolas a fuarthas ar fáil ag an nasc: Trádáil – sásra chun gníomhaíocht chomhéigneach ag tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a dhíspreagadh agus cur in aghaidh na gníomhaíochta sin (europa.eu).

7 Tá tuarascáil fíorasach achomair ar fáil ag an nasc: Trádáil – sásra chun gníomhaíocht chomhéigneach ag tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a dhíspreagadh agus cur in aghaidh na gníomhaíochta sin (europa.eu).

– an 16 Aibreán 2021, tionóladh cruinniú ar líne leis na páirithe leasmhara;

– i rith mhí an Mhárta go mí Iúil 2021, reáchtáladh comhairliúcháin spriocdhírithe le grúpaí ar leith, lena n-áirítear gnólachtaí, an lucht acadúil, Ballstáit agus rialtais tríú tíortha; Ina theannta sin, chuir páirtithe leasmhara ionchur ad hoc isteach.

Léirigh na comhairliúcháin phoiblí an t-aitheantas coiteann go bhfuil an comhéigean eacnamaíoch ag cruthú fadhb don Aontas agus do na Ballstáit, fadhb nár cheart aghaidh a thabhairt uirthi. Léiríodh go raibh tacaíocht láidir ann maidir le hionstraim reachtach a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chomhéigin eacnamaíoch. Go sonrach, cuireann na páirtithe leasmhara luach ar leith le cuspóir díspreagtha ionstraime den sórt sin, rud a nascann le hinchreidteacht agus le héifeachtacht na hionstraime. Tugann siad tús áite d’iarrachtaí tríú tíortha a spreagadh chun deireadh a chur leis an gcomhéigean eacnamaíoch trí bhearta neamh-idirghabhálacha (amhail taidhleoireacht), agus tugann siad aird den chuid is mó ar fhrithbhearta a úsáid mar rogha dheireanach a gcaithfear damáiste comhthaobhachta a mheas sula rachfar i mbun gnímh. Réimse tacaíochta eile is ea gur cheart do na truicir le haghaidh úsáid na hionstraime a bheith leathan a dhóthain chun comhéigean eacnamaíoch neamhfhoirmiúil a chumhdach, agus chun freagairt éifeachtach a áirithiú, ba cheart don Aontas a bheith in ann rogha a dhéanamh as raon roghanna i gcásanna aonair. Ar an taobh eile, rinne páirtithe leasmhara tagairt do luach an chomhair idirnáisiúnta i gcoinne comhéigean eacnamaíoch. Tá na heilimintí sin go léir sa togra seo.

Chuir ionchur na bpáirtithe leasmhara maidir le marthain agus forbairt fhadhb an chomhéigin eacnamaíoch le réasúnú agus le dearadh an togra. Mhol páirtithe leasmhara, inter alia, roinnt samplaí de bhearta um chomhéigean eacnamaíoch a tharlaíonn ó fhoinsí éagsúla agus thuairiscigh siad ar an tionchar diúltach agus ar na costais dhiúltacha a bhaineann leis na bearta sin.

Ag an am céanna, ardaíonn páirtithe leasmhara na rioscaí a bhaineann le hionstraim reachtach amhail géarú trí fhrithbheart agus iarmhairtí diúltacha don chomhar idirnáisiúnta, don iltaobhachas agus don urraim don ord riailbhunaithe. Cumhdaítear na rioscaí sin sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra agus cuirtear san áireamh go cuí iad agus an ionstraim atá beartaithe á dearadh.

Tá tuairimí éagsúla ann maidir le scéim cúitimh airgeadais a d’fhéadfadh a bheith ann d’oibreoirí a mbeadh tionchar ag bearta um chomhéigean eacnamaíoch orthu – rogha nach n-áirítear san ionstraim atá beartaithe mar a mhínítear sa mheasúnú tionchair. Tá thart ar leath de na freagróirí ar fud na ngrúpaí i bhfabhar scéim den sórt sin (gnólachtaí den chuid is mó), ach níor aontaigh an leath eile nó nár léirigh siad aon spéis. Chuir gnólachtaí i bhfabhar saincheisteanna a d’fhéadfadh a bheith ann in iúl freisin, amhail an chastacht a bhaineann leis an gcúiteamh a chinneadh, na himpleachtaí buiséadacha agus oiriúnacht na hionstraime sin.

Ar deireadh, ardaíonn roinnt comhlachas gnó agus údarás poiblí an smaoineamh “oifig athléimneachta” a chruthú chun, i measc nithe eile, imscrúdú a dhéanamh ar chásanna agus an ionstraim nua a bhainistiú. Mínítear sa tuarascáil ar an measúnú tionchair cén fáth nach saothraítear an rogha sin ag an gcéim seo.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chomh maith leis an measúnú tionchair a thacaíonn leis an togra (a phléitear thíos), rinne an Coimisiún na gníomhaíochtaí comhairliúcháin a bhfuil cur síos orthu sa roinn roimhe seo.

Chuir saineolas inmheánach agus ionchur ó shaineolaithe ón earnáil acadúil[8] tuilleadh le dearadh an togra.

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair[9] ina thaca ag an togra seo. Scrúdaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an measúnú tionchair agus d'eisigh sé tuairim dhearfach an 27 Meán Fómhair 2021. Tá moltaí an Bhoird agus míniú ar an gcaoi a gcuirtear san áireamh iad in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair.

I bhfianaise chuspóirí an tionscnaimh, eadhon leasanna an Aontais agus na mBallstát a chosaint ar an gcomhéigean eacnamaíoch, rinneadh trí rogha a mheas sa tuarascáil ar an measúnú tionchair. Coinníodh an rogha maidir le hionstraim nua dlí a chruthú a líonfadh bearna shainaitheanta sa chreat reachtach reatha. Rinneadh anailís sa tuarascáil ar roinnt paraiméadar dearaidh don ionstraim agus ar na roghanna a bhaineann leo, eadhon: truicir agus tairseach le haghaidh gníomhaíochta; gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh; coinníollacha roghnúcháin maidir le frithbhearta; cinnteoireacht; an ionstraim a ghníomhachtú; agus rannphháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Laistigh den rogha seo, sainaithníodh réiteach tosaíochta sa tuarascáil ó thaobh éifeachtachta, éifeachtúlachta agus comhleanúnachais de. Cuireadh as an áireamh na roghanna maidir le gan athrú beartais a dhéanamh agus le "oifig athléimneachta" a bheith mí-oiriúnach ar chúiseanna a luaitear sa tuarascáil ar an measúnú tionchair.

Is í an rogha thosaíochta an bunús atá leis an togra seo. Go háirithe, is éard atá ann rialachán réime ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gceadaítear gníomhaíocht ón Aontas, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta poiblí, ina bhfuil na príomhghnéithe seo a leanas:

- Freagairt dhá chéim ón Aontas. Is éard atá i gceist leis an gcéad chéim bearta neamh-idirghabhálacha a úsáid, amhail a aithint go foirmiúil go dtagann gníomh faoi raon feidhme na hionstraime agus iarrachtaí a bheith rannpháirteach leis an tríú tír, agus é mar phríomhaidhm aige an comhéigean eacnamaíoch a laghdú agus an tríú tír a spreagadh chun deireadh a chur lena bearta. Mura n-éireoidh leis an gcéim sin, beidh réimse leathan frithbheart féideartha ar fáil sa dara céim, mar rogha dheireanach. Bheadh roinnt critéar ina dtreoir do chúngú na bhféidearthachtaí ó thaobh comhréireachta de, ó thaobh leas an Aontais de, trí chostais chomhthaobhachta agus ualaí riaracháin a sheachaint nó a theorannú a mhéid is féidir.

- Le raon feidhme leathan beart féideartha um chomhéigean eacnamaíoch ó thríú tír, is féidir freagairt ón Aontas a spreagadh lena n-áirítear comhéigean eacnamaíoch sainráite, faoi cheilt agus tostach agus a éagsúlachtaí. Bheadh feidhm ag tairseach cháilíochtúil le haghaidh gníomhaíochta.

- Tagann an próiseas cinnteoireachta faoin ionstraim faoi chreat caighdeánach na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, lena n-áirítear bealaí chun

[8] Féach Iarscríbhinn 1 agus Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair.
[9] Foilsítear an tuarascáil ar an measúnú tionchair agus an achoimre feidhmiúcháin in éineacht leis an togra seo.

gníomhaíocht ghasta a dhéanamh. Ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara a dtuairimí agus a sonraí maidir le húsáid na hionstraime a roinnt.

Tá buntáistí suntasacha ag baint leis an rogha thosaíochta. Tagann siad chun cinn ar an gcéad dul síos ón éifeacht díspreagtha ar leibhéal an raoin feidhme, lenar gabhadh bearta um chomhéigean eacnamaíoch den chuid is mó, agus ar leibhéal an raoin beart, lena gceadaítear freagairt chalabraithe agus éifeachtach. Mar thoradh ar éifeacht díspreagtha rathúil, ní bhainfear úsáid ar bith as an ionstraim, nó ní bhainfear úsáid theoranta aisti, sa chás is fearr. Eascraíonn tairbhí freisin as an bpróiseas dhá chéim lena dtugtar tús áite do chur chuige neamh-idirghabhálacha (réitigh chomhaontaithe i gcoinne frithbheart), agus don oscailteacht chun a bheith rannpháirteach leis an tríú tír, ach freisin ón gcumas chun freagairt go tapa le frithbhearta, i gcás inar gá chun leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chosaint. Ní thiocfaidh aon chostais shuntasacha as an ionstraim a bheith ann, mar sin. D'fhéadfadh costais éagsúla a bheith ann mar thoradh ar úsáid na hionstraime i gcásanna aonair, go háirithe má úsáideann an tAontas frithbhearta. Chuirfí aon chostais san áireamh agus an beart ar leith á dhearadh. Tá tionchar na rogha tosaíochta ar chatagóirí éagsúla páirtithe leasmhara leagtha amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair.

Sa togra seo, déantar tuilleadh forbartha ar roinnt eilimintí. Leagtar amach sa togra an próiseas cinnteoireachta i gcomparáid leis an gcur síos ar an rogha thosaíochta. Sonraítear ann bronnadh cumhachtaí cur chun feidhme agus cumhachtaí tarmligthe ar an gCoimisiún le haghaidh na ngníomhaíochtaí faoi seach faoin ionstraim agus déantar foráil ann maidir le rialacha mionsonraithe agus nósanna imeachta cinnteoireachta. Déanann sé beachtú ar raon na bhfrithbheart. Díríonn sé ar ionchais an chomhair idirnáisiúnta trí chéim ar leith nós imeachta a bhunú chun na críche sin.

• **Cearta bunúsacha**

Tá an togra comhleanúnach le beartas an Aontais um chearta an duine agus tá sé comhsheasmhach leis an gCairt um Chearta Bunúsacha. Bheadh tionchar dearfach ag an ionstraim féin ar chearta bunúsacha, i gcomhréir le hoibleagáid dhearfach an Aontais cearta a shaoránach a chosaint ar sháruithe ó fhoinsí eile, sa chás sin do rialtais eachtracha, nuair is féidir leis an ionstraim a bheith ann nó a úsáid rannchuidiú chun a ngníomhartha comhéigean eacnamaíoch a dhíspreagadh, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar na cearta sin. I gcás ina mbíonn srianta a dhéanann difear do chearta bunúsacha mar thoradh ar úsáid na hionstraime, toisc go gcuireann siad srian ar an tsaoirse chun dul i mbun trádála nó infheistíochta idirnáisiúnta mar chuid den tsaoirse gníomhaíochta gairmiúla, an ceart maoine, lena n-áirítear maoin intleachtúil nó cearta bunúsacha eile lena n-áirítear cóir chomhionann, is gníomhaíocht dhlisteanach ón Aontas faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an méid sin. Is é an cúis leis sin go ndéanfaí an ghníomhaíocht sin i gcomhréir leis na ceanglais a dhéanfadh na húdaráis inniúla ar bhonn bunús cuí dlí, agus cuspóir dlisteanach á shaothrú acu, agus iad i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha díreacha ag glacadh na hionstraime don Aontas Eorpach thar bhuiséad riaracháin an Aontais. Baineann ualach suntasach riaracháin don Choimisiún, go háirithe ach ní go heisiach, d'Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, an ionstraim a riar, go háirithe faisnéis a bhailiú, imscrúduithe a dhéanamh, cinntí a ullmhú, iarrachtaí a dhéanamh réitigh a chomhaontú, bearta freagartha an Aontais a ullmhú agus faireachán a dhéanamh ar aon chomhéigean eacnamaíoch. Beidh méid an ualaigh sin ag brath ar

mhinicíocht an chomhéigin eacnamaíoch bhfuil an tAontas agus na Ballstáit faoina réir agus ar mhéid úsáide na hionstraime. Cé go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh laghdú ar bhearta um chomhéigean eacnamaíoch mar thoradh ar an ionstraim a bheith ann, níl aon ráthaíocht den sórt sin ann. Meastar go mbeidh 5 phost choibhéiseacha lánaimseartha ag teastáil chun an ionstraim a oibriú.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### • Pleananna cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus socruithe tuairiscithe

Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin faireachán ar fheidhmiú na hionstraime, lena n-áirítear teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun faireachán a dhéanamh ar a dtaithí agus ar a dtuairimí maidir le tionchar na hionstraime. Baileoidh siad sonraí faoi bhearta tríú tíortha agus faoi fhreagairt an Aontais a breithníodh agus a glacadh.

Foráiltear leis an togra d'athbhreithniú maidir le feidhmiú agus cur i bhfeidhm na hionstraime, agus oibleagáidí tuairiscithe ann do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

### • Comhordú inmheánach

Déanfaidh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála feidhmiú na hionstraime a bhainistiú, faoi fhreagracht an Choimisinéara atá freagrach as Trádáil agus próiseas coláisteach á chinntiú laistigh den Choimisiún ag an am céanna. Tacóidh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí leis an Ardionadaí ina c(h)uid feidhme, mar Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún, chun gníomhaíocht sheachtrach an Aontais a chomhordú laistigh den Choimisiún. Feidhmeoidh toscaireachtaí an Aontais faoi údarás an Ardionadaí a bhfeidhmeanna mar ionadaithe seachtracha an Aontais agus cuideoidh siad, de réir mar is ábhartha, le haimsiú fíoras agus idirphlé seachtrach.

### • Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Sainítear in Airteagal 1 ábhar an Rialacháin atá beartaithe, is é sin cosaint éifeachtach leasanna an Aontais agus a Bhallstát ar bhearta áirithe tríú tíortha, arb é cuspóir ginearálta na hionstraime é. Leagtar amach ann freisin go gceadófaí gníomhaíocht ón Aontas chuige sin, agus go mbainfear an chosaint amach trí dhíspreagadh, nó trí dheireadh a chur le bearta an tríú tír, nó le frithbheart. Meabhraítear freisin in Airteagal 1, i gcomhréir le Conarthaí an Aontais, nach mór d'aon ghníomhaíocht a dhéantar faoin Rialachán an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Bunaítear le hAirteagal 2 an raon feidhme maidir le cur i bhfeidhm. Leagtar amach sa chéad mhír an cás ina bhfuil feidhm ag an Rialachán, go háirithe i gcás ina gcomhlíontar dhá choinníoll charnacha a bhaineann le gníomhaíocht an tríú tír. Tugann an dara mír treoir bhreise don Choimisiún agus é ag cinneadh gurb ann don chomhéigean eacnamaíoch in aon chás nithiúil, trí thagairt a dhéanamh do roinnt breithnithe a bhaineann le beart agus iompar an tríú tír.

Bunaítear le hAirteagal 3, le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5 an chéad sraith céimeanna maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin faoin Rialachán a thosaíonn le scrúdú, as ar tháinig cinneadh maidir le comhéigean eacnamaíoch, agus, ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí dul i ngleic leis an tríú tír lena mbaineann. Léiríonn an tacar céimeanna seo an cur chuige tosaíochta nach

nglacfaí ach bearta freagartha nuair is gá agus tá sé d'aidhm aige an tríú tír a dhíspreagadh ó leanúint leis an gcomhéigean eacnamaíoch gan a bheith uirthi dul i muinín frithbheart.

- Ar an gcéad dul síos, dhéanfadh an Coimisiún scrúdú ar an mbeart tríú tír atá i gceist i bhfianaise na gcoinníollacha faoi Airteagal 2(1) (Airteagal 3), agus bheadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(2) mar threoir aige, ar a thionscnamh féin nó nuair a tharraingeofaí a aird ar an bhfaisnéis ábhartha.

- Ar an dara dul síos, chinnfeadh an Coimisiún an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le comhéigean eacnamaíoch, trí chinneadh ón gCoimisiún (Airteagal 4). Féadfaidh an Coimisiún an tríú tír atá i gceist a chur ar an eolas roimh an gcinneadh, chun deis a thabhairt dó freagra a thabhairt. In aon chás, chuirfeadh an Coimisiún aon chinneadh dearfach in iúl don tríú tír lena mbaineann agus d'iarrfadh sé go gcuirfí deireadh leis an gcomhéigean eacnamaíoch agus, i gcás inarb iomchuí, go ndeiseofaí aon díobháil.

- Ag an am céanna, bheadh an Coimisiún réidh chun dul i dteagmháil, thar ceann an Aontais, leis an tríú tír lena mbaineann d'fhonn an comhéigean eacnamaíoch a scor (Airteagal 5). Ina theannta sin, tharraingeodh an Coimisiún aird ar an ábhar in aon fhóram idirnáisiúnta ábhartha d'fhonn an seans go scoirfí den chomhéigean eacnamaíoch a mhéadú.

Le hAirteagal 6 tugtar isteach céim sa rannpháirtíocht sa chomhar idirnáisiúnta maidir leis an ábhar le tríú tíortha eile a bhfuil tionchar ag na bearta céanna nó bearta comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch orthu. Is é an aidhm atá ann i gcónaí an comhéigean eacnamaíoch a scor, ach réiteach iltaobhach a chur chun cinn freisin.

Baineann Airteagail 7, 8, 9, 10 agus 11 leis an dara sraith céimeanna, agus an tacar deiridh, céimeanna, eadhon dul i muinín bhearta freagartha an Aontais. Tá cur chuige níos idirghabhálaí ina shaintréith ag an tacar céimeanna sin. Tá sé roghnach agus ní bheadh feidhm aige ach amháin i gcás nach gcuirfeadh an tríú tír deireadh le bearta um chomhéigean eacnamaíoch tar éis an chéad sraith céimeanna. Cé gurb é an aidhm atá leis gníomhú in aghaidh an chomhéigin eacnamaíoch, is é an bunchuspóir atá ann bearta freagartha an Aontais chun an tríú tír a spreagadh chun deireadh a chur lena comhéigean eacnamaíoch, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

- In Airteagal 7 sainítear na coinníollacha faoina bhféadfaidh an tAontas dul i muinín bhearta freagartha an Aontais, bearta nach mór don Aontas leanúint ar aghaidh leo, agus leagtar amach ann na bearta atá le déanamh chun go nglacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun bearta den sórt sin a thabhairt isteach agus chun déileáil le himeachtaí gaolmhara, lena n-áirítear fógraí a eisiúint le haghaidh imeachtaí gaolmhara. D'fhéadfaí gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh chun freastal ar an ngá atá le práinn, i gcás ina bhfuil údar maith leis sin. Tagraíonn Airteagal 7 do na bearta atá ar fáil maidir le freagairt an Aontais.

- Foráiltear in Airteagal 8 go bhféadfaidh an Coimisiún daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ainmniú faoi réir coinníollacha agus ráthaíochtaí nós imeachta agus bearta a chur i bhfeidhm maidir leo.

- In Airteagal 9 leagtar amach critéir roghnúcháin agus deartha do bhearta freagartha an Aontais agus beartaítear go roghnófaí agus go ndearfaí na bearta sin bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil, agus cinneadh na mbeart um chomhéigean eacnamaíoch agus leas an Aontais á gcur san áireamh. Foráiltear le hAirteagal 9(3) gur féidir bearta áirithe den sórt sin a chur i bhfeidhm ar bhonn laistigh den Aontas. Beifear in ann é sin a dhéanamh go háirithe maidir le bearta freagartha an Aontais atá ar fáil de bhun phointí (d) go (l) d'Iarscríbhinn I.

- Tugtar isteach le hAirteagal 10 na nósanna imeachta, na critéir agus na coinníollacha maidir le bearta freagartha an Aontais a leasú, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh. Ghníomhódh an Coimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme, agus trí ghníomhartha cur chun feidhme a bheadh infheidhme láithreach i gcásanna práinneacha. Cuirtear i bhfios go láidir in Airteagal 10(1) go ndéanfadh an Coimisiún measúnú leanúnach ar an ábhar tar éis bearta freagartha an Aontais a fhorchur.

- Tugtar isteach le hAirteagal 11 an nós imeachta maidir le bailiú faisnéise i ndáil le bearta freagartha an Aontais a ghlacadh, a leasú, a chur ar fionraí agus a aisghairm. Tá an nós imeachta roghnach sula ndéanfar gníomhaíochtaí den sórt sin a chur ar fionraí agus a aisghairm ós rud é go mbeadh baint le bearta freagartha an Aontais i gceist leis na gníomhaíochtaí sin. I gcás práinne, lorgódh an Coimisiún faisnéis agus tuairimí ó pháirtithe leasmhara lena mbaineann ar bhealach spriocdhírithe, a mhéid is féidir agus is gá.

Tacaíonn Airteagail 12, 13, 14 agus 15 le forálacha cothrománacha. Déantar foráil in Airteagal 12 maidir leis na rialacha maidir le déileáil le faisnéis rúnda. In Airteagal 13 déantar tagairt do na rialacha tionscnaimh agus náisiúntachta is infheidhme maidir le hearraí, seirbhísí, infheistíochtaí agus sealbhóirí cirt maoine intleachtúla atá ábhartha maidir le bearta freagartha an Aontais a chinneadh. Déantar foráil in Airteagal 14 agus in Airteagal 15 maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le feidhmiú na gcumhachtaí tarmligthe agus na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún, faoi seach, de bhreis ar fhorálacha eile.

Bunaítear le hAirteagal 16 oibleagáid ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh go gairid tar éis a bhfoirceannta ar aon bhearta freagartha arna nglacadh ag an Aontas. Bunaítear leis freisin oibleagáid athbhreithnithe agus tuairiscithe ar an gCoimisiún maidir le feidhmiú na hionstraime atá beartaithe agus leagtar amach creat ama iomchuí.

Leagtar amach in Airteagal 17 dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus go mbeadh an Rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán agus go mbeadh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Liostaítear in Iarscríbhinn I na bearta freagartha a d'fhéadfadh a bheith ag an Aontas. Féadfaidh an Coimisiún an liosta sin a leasú trí bhearta eile atá ar fáil a chur leis, trí ghníomh tarmligthe, faoi réir coinníollacha.

Leagtar amach in Iarscríbhinn II na rialacha maidir le tionscnamh agus náisiúntacht le haghaidh earraí, seirbhísí, infheistíochtaí agus sealbhóirí cirt maoine intleachtúla. Féadfaidh an Coimisiún na rialacha sin a leasú trí ghníomh tarmligthe, faoi réir coinníollacha.

Tá Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ag gabháil leis an togra seo ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh, laistigh dá chumhachtaí, nuair atá gá le bearta freagartha an Aontais.

2021/0406 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ina chaidreamh leis an domhan mór, tá an tAontas chun a chuid luachanna agus leasanna a chumhdach agus a chur chun cinn agus tá sé chun rannchuidiú le cosaint a shaoránach agus, i measc nithe eile, leis an dlúthpháirtíocht agus leis an meas frithpháirteach idir na pobail agus leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt, lena n-áirítear prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú.

(2) De bhun Airteagal 21(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta le bheith bunaithe ar phrionsabail amhail an smacht reachta, an comhionannas agus an dlúthpháirtíocht, agus ar mheas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. Luaitear ann freisin go gcuirfidh an tAontas réitigh iltaobhacha ar fhadhbanna coiteanna chun cinn.

(3) De bhun Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe, áirítear ar chuspóirí na Náisiún Aontaithe an cuspóir caidreamh cairdiúil a fhorbairt i measc na náisiún ar bhonn meas ar phrionsabal na gceart comhionann.

(4) De bhun Airteagal 21(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta le bheith bunaithe ar phrionsabail amhail an smacht reachta, an comhionannas agus an dlúthpháirtíocht, agus ar mheas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

(5) Sa gheilleagar domhanda idirnasctha nua-aimseartha tá riosca méadaithe ann maidir le comhéigean eacnamaíoch, agus tuilleadh deiseanna go dtarlódh sé, mar sa domhan seo tugtar modhanna breise do thíortha, lena n-áirítear modhanna hibrideacha, comhéigean den sórt sin a chur in úsáid. Tá sé inmhianaithe go gcuirfidh an tAontas le creataí

idirnáisiúnta a chruthú, a fhorbairt agus a shoiléiriú chun cásanna comhéigin eacnamaíoch a chosc agus a dhíothú.

(6) Agus é ag gníomhú i gcónaí faoi chuimsiú an dlí idirnáisiúnta, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh ionstraim iomchuí ag an Aontas chun cosc a chur ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha agus chun cur ina aghaidh sin chun a chearta agus a leasanna, agus cearta agus leasanna a Bhallstát, a choimirciú. Is amhlaidh atá go háirithe nuair a dhéanann tríú tíortha bearta a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht agus a chuireann isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit, ar bearta iad a fhéachann le scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith de chuid an Aontais nó Ballstáit a chosc nó a dhéanamh. Ar na bearta den sórt sin a dhéanann difear don trádáil nó don infheistíocht, féadfar a áireamh, ní hamháin gníomhaíochtaí a dhéantar i leith chríoch an tríú tír agus a bhfuil éifeachtaí acu laistigh di, ach gníomhaíochtaí a dhéanann an tríú tír freisin, lena n-áirítear trí eintitis atá á rialú nó á stiúradh ag an tríú tír agus atá lonnaithe san Aontas, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann díobháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas.

(7) Is é is aidhm don Rialachán seo freagairt an Aontais ar chomhéigean eacnamaíoch a áirithiú atá éifeachtach, éifeachtúil agus tapa, lena n-áirítear cosc ar chomhéigean eacnamaíoch an Aontais nó Ballstáit agus, mar rogha dheireanach, frithbhearta.

(8) Cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe cur in aghaidh chomhéigean eacnamaíoch an Aontais nó Ballstáit de dhéanamh tríú tíortha, ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach leordhóthanach agus iad gníomhú dóibh ina n-aonar. Is amhlaidh atá toisc nach bhféadfaidh na Ballstáit, mar ghníomhaithe ar leith faoin dlí idirnáisiúnta, a bheith i dteideal freagairt do chomhéigean eacnamaíoch atá dírithe ar an Aontas, faoin dlí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, de thoradh na hinniúlachta eisiaiche a thugtar don Aontas trí Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuirtear cosc ar na Ballstáit bearta comhbheartais tráchtála a ghlacadh mar fhreagairt ar chomhéigean eacnamaíoch. Dá bhrí sin, is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais.

(9) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun creat éifeachtach cuimsitheach a chruthú maidir le gníomhaíocht an Aontais in aghaidh comhéigean eacnamaíoch, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos i ndáil cur in aghaidh bhearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch, mar aon leis na bearta sin a scrúdú agus a chinneadh. Sula ndéanfar bearta freagartha an Aontais, ba cheart, go háirithe, scrúdú a dhéanamh ar na fíorais, cinneadh a dhéanamh an ann don chomhéigean eacnamaíoch agus, nuair is féidir sin, iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach i gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann. Ba cheart aon bhearta a fhorchuireann an tAontas a bheith in-chomhthomhaiste leis an díobháil a dhéanfadh bearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch. Sna critéir maidir le bearta freagartha an Aontais a shainiú, ba cheart a chur san áireamh go háirithe an gá atá le héifeachtaí comhthaobhacha, ualaí riaracháin agus costais arna bhforchur ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais a sheachaint nó a íoslaghdú, chomh maith le leasanna an Aontais. Dá bhrí sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(10) Ba cheart aon ghníomhaíocht a dhéanfadh an tAontas ar bhonn an Rialacháin seo oibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Faoin dlí idirnáisiúnta, ceadaítear, faoi choinníollacha áirithe amhail comhréireacht agus réamhfhógra,

frithbhearta a fhorchur, is é sin le rá bearta a thiocfadh trasna ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá ar pháirtí díobhálaithe i leith na tíre atá freagrach as sárú a dhéanamh ar an dlí idirnáisiúnta, agus arb é is aidhm dóibh an sárú a scor nó cúiteamh a bhaint amach ina leith[1]. Dá réir sin, ba cheart bearta freagartha arna nglacadh faoin Rialachán seo a bheith i bhfoirm beart a chloíonn le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais nó i bhfoirm beart ar frithbhearta ceadaithe iad. Faoin dlí idirnáisiúnta, agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, níor cheart na bearta sin dul thar leibhéal atá in-chomhthomhaiste leis an díobháil a bhain don Aontas nó do Bhallstát de bharr bhearta an tríú tír um chomhéigean eacnamaíoch, agus a thromchúisí atá bearta an tríú tír agus cearta agus leasanna an Aontais á gcur san áireamh. Ina leith sin, tuigtear faoin dlí idirnáisiúnta go mbaineann díobháil d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais le díobháil don Aontas nó do Bhallstát.

(11) Toirmisctear an comhéigean faoin dlí idirnáisiúnta i gcás ina n-úsáideann tír bearta amhail srianta trádála nó infheistíochta chun gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta a fháil ó thír eile nach bhfuil oibleagáid idirnáisiúnta ar an tír sin é a dhéanamh ach gur gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta a thagann faoin cheannasacht na tíre sin, nuair a bhaineann an comhéigean tairseach cháilíochtúil nó chainníochtúil áirithe amach, ag brath ar an gcuspóir atá beartaithe agus ar na modhanna a úsáideadh. Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíocht an tríú tír ar bhonn critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla a chuidíonn chun a chinneadh an gcuireann an tríú tír isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit agus an comhéigean eacnamaíoch é a gníomhaíocht lena n-éileofaí freagairt ón Aontas.

(12) Le gníomhartha tríú tíortha, tuigtear, faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis, go gcuimsíonn siad gach cineál gníomhaíochta atá inchurtha i leith Stáit faoi dhlí idirnáisiúnta an ghnáis. Is gníomh Stáit faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe, an méid seo a leanas: iompar aon orgáin Stáit, iompar duine nó eintitis nach orgán Stáit é ach a bhfuil sé de chumhacht aige faoi dhlí an Stáit sin gnéithe d'údarás rialtasach a fheidhmiú, orgán a chuir Stát eile ar fáil do Stát eile, duine nó grúpa daoine atá ag gníomhú de réir threoracha an Stáit sin nó faoi stiúradh nó rialú an Stáit sin agus an iompar á dhéanamh, duine nó grúpa daoine atá ag feidhmiú gnéithe den údarás rialtasach in éagmais nó i mainneachtain na n-údarás oifigiúil agus in imthosca lena n-iarrtar feidhmiú na ngnéithe sin den údarás, agus iompar a aithníonn an Stáit agus a ghlacann sé é féin[2].

(13) Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhfuil bearta tríú tír comhéigneach, ar a thionscnamh féin nó tar éis faisnéis arna fáil ó aon fhoinse, lena n-áirítear daoine dlítheanacha agus nádúrtha nó Ballstát. Tar éis an scrúdaithe sin, ba cheart don Choimisiún a chinneadh an bhfuil an beart tríú tír comhéigneach. Ba cheart don Choimisiún aon chinneadh dearfach a chur in iúl don tríú tír lena mbaineann, mar aon le hiarraidh go scoirfí den chomhéigean eacnamaíoch agus, i gcás inarb iomchuí, go ndeiseofaí aon díobháil a rinneadh.

---

1 Féach Airteagail 22 agus 49-53 de na hAirteagail maidir le Freagracht na Stát i leith Gníomhartha Éagóracha ar Leibhéal Idirnáisiúnta, arna nglacadh ag Coimisiún Dlí Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe ag a thríú seisiún is caoga, in 2001, agus arna dtabhairt dá aire ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i rún 56/83.

2 Féach Airteagail 2(a) agus 4-11 de na hAirteagail maidir le Freagracht na Stát i leith Gníomhartha Éagóracha ar Leibhéal Idirnáisiúnta, fonóta 1 thuas.

(14) Ba cheart don Aontas tacú agus oibriú i gcomhar le tríú tíortha a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch difear dóibh, nó le tríú tíortha leasmhara eile. Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chomhordú idirnáisiúnta i bhfóraim dhéthaobhacha, ilpháirtithe nó iltaobhacha atá dírithe ar an gcomhéigean eacnamaíoch a chosc nó a dhíothú.

(15) Níor cheart don Aontas frithbhearta a fhorchur ach amháin nuair nach mbeidh de thoradh ar mhodhanna eile amhail caibidlíocht, idirghabháil nó breithniú, go scoirfí den chomhéigean eacnamaíoch go pras agus go héifeachtach agus go ndéanfaí an díobháil a rinneadh don Aontas nó dá Bhallstáit leis a chúiteamh, agus nuair is gá beart a dhéanamh chun leasanna agus cearta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint agus nuair is chun leas an Aontais é. Is iomchuí go leagtar amach sa Rialachán na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le bearta freagartha an Aontais a fhorchur agus a chur i bhfeidhm agus go gceadaítear gníomhaíocht ghasta leis i gcás inar gá chun éifeachtacht aon bheart freagartha Aontais a chaomhnú.

(16) Ba cheart bearta freagartha an Aontais arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo a roghnú agus a dhearadh ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear: éifeachtacht na mbeart chun scor chomhéigean an tríú tír a spreagadh; a n-acmhainneacht faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha laistigh den Aontas a ndearnadh bearta um chomhéigean eacnamaíoch a rinne an tríú tír difear dóibh; an aidhm éifeachtaí diúltacha eacnamaíocha agus éifeachtaí eile ar an Aontas a sheachaint nó a íoslaghdú; castacht dhíréireach riaracháin agus costais dhíréireacha a sheachaint. Tá sé fíor-riachtanach freisin go gcuirfear leas an Aontais san áireamh agus bearta freagartha an Aontais á roghnú agus á ndearadh. Ba cheart bearta freagartha an Aontais a roghnú ó réimse leathan roghanna ionas go mbeifear in ann na bearta is oiriúnaí a ghlacadh in aon chás ar leith.

(17) Is iomchuí rialacha a leagan amach maidir le tionscnamh nó náisiúntacht earraí, seirbhísí, soláthraithe seirbhíse, infheistíochta agus sealbhóirí ceart maoine intleachtúla, chun bearta freagartha an Aontais a chinneadh. Ba cheart na rialacha maidir le tionscnamh nó náisiúntacht a chinneadh i bhfianaise na rialacha atá i bhfeidhm i ndáil le trádáil agus infheistíocht neamhfhabhrach is infheidhme faoi dhlí an Aontais agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta an Aontais.

(18) Agus an cuspóir na bearta um chomhéigean eacnamaíoch a scor á shaothrú, bearta freagartha an Aontais ina mbeidh srianta ar infheistíocht dhíreach eachtrach nó ar thrádáil seirbhísí, ní bheidh feidhm acu sin ach maidir le seirbhísí arna soláthar, nó infheistíochtaí díreacha arna ndéanamh, laistigh den Aontas ag duine dlítheanach amháin nó níos mó ná sin atá bunaithe san Aontas agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine ón tríú tír lena mbaineann, i gcás inar gá sin chun éifeachtacht bhearta freagartha an Aontais a áirithiú, agus go háirithe chun seachaint na mbeart a chosc. Beidh údar cuí leis an gcinneadh aon srian den sórt sin a fhorchur i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo i bhfianaise na gcritéar a shonraítear sa Rialachán seo.

(19) Tar éis bearta freagartha an Aontais a ghlacadh, ba cheart don Choimisiún measúnú leanúnach a dhéanamh ar an scéal i ndail le bearta tríú tír um chomhéigean eacnamaíoch, le héifeachtacht bhearta freagartha an Aontais agus a n-éifeachtaí, d'fhonn na bearta freagartha a choigeartú, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh dá réir sin. Dá bhrí sin, na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le bearta freagartha an

Aontais a leasú, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh, is gá na rialacha sin a leagan amach mar aon leis na cásanna ina bhfuil siad iomchuí.

(20) Tá sé fíor-riachtanach foráil a dhéanamh maidir le deiseanna rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara chun bearta freagartha an Aontais a ghlacadh agus a leasú, agus de réir mar is ábhartha chun críocha fionraíochta agus foirceanta, i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar na páirtithe leasmhara sin.

(21) Tá sé tábhachtach cumarsáid éifeachtach agus malartú tuairimí agus faisnéise a áirithiú idir an Coimisiún de pháirt amháin agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle den pháirt eile, go háirithe maidir le hiarrachtaí chun bheith rannpháirteach leis an tríú tír lena mbaineann chun roghanna a fhiosrú d'fhonn an comhéigean eacnamaíoch a scor agus maidir le hábhair a bhféadfadh glacadh na mbeart freagartha Aontais faoin Rialachán seo a bheith mar thoradh orthu.

(22) Ionas go bhféadfar raon na mbeart freagartha Aontais faoin Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta agus na rialacha tionscnamh nó rialacha teicniúla eile a choigeartú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an liosta de fhreagairtí an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na rialacha teicniúla is gá chun an Rialachán a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha tionscnaimh a leagtar síos in Iarscríbhinn II, a leasú.Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Parlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(23) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[4].

(24) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun bearta freagartha an Aontais a ghlacadh agus chun iad a leasú, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh ós rud é go gcinntear leis na gníomhartha sin freagairtí an Aontais ar chomhéigean eacnamaíoch a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

(25) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach agus a mhairfidh ar feadh tréimhse theoranta a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le bearta freagartha an Aontais a ghlacadh, a leasú, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.

---

3 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

4 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(26) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar bhearta arna nglacadh faoin Rialachán seo a mhéid a bhaineann lena n-éifeachtacht agus a n-oibriú agus le conclúidí a d'fhéadfadh a teacht as maidir le bearta a dhéanfar amach anseo. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán seo freisin tar éis dó taithí leordhóthanach a fháil maidir leis an Rialachán seo agus lena chur i bhfeidhm. Ba cheart raon feidhme, feidhmiú, éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Rialacháin seo a chumhdach leis an athbhreithniú sin. Ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta chun cosaint éifeachtach leasanna an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú i gcás ina bhfuil tríú tír ag iarraidh, trí bhearta a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht, an tAontas nó Ballstát a chomhéigniú gníomh áirithe a ghlacadh nó staonadh ó ghníomh áirithe a ghlacadh. Leis an Rialachán seo, déantar foráil maidir le creat don Aontas chun freagairt a thabhairt i gcásanna den sórt sin agus é mar chuspóir aige cosc a chur ar ghníomhaíochtaí den sórt sin, nó go staonfadh an tríú tír ó na gníomhaíochtaí sin, agus é á cheadú don Aontas, mar rogha dheireanach, cur in aghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin.

2. Beidh aon ghníomhaíocht a dhéanfar faoin Rialachán seo comhsheasmhach le hoibleagáidí an Aontais faoin dlí idirnáisiúnta agus déanfar í i gcomhthéacs phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

*Airteagal 2*

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán maidir le tríú tír:

– a chuireann isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit, ar bearta iad a fhéachann le scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith de chuid an Aontais nó Ballstáit a chosc nó a dhéanamh.

– a chuireann nó a bhagraíonn go gcuirfidh sí bearta a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht i bhfeidhm.

Chun críocha an Rialacháin seo, gairfear bearta um chomhéigean eacnamaíoch de na gníomhaíochtaí tríú tír sin.

2. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh:

(a) tréine, déine, minicíocht, fad, leithead agus méid an bhirt tríú tír agus an brú a thagann as;

(b) an bhfuil an tríú tír i mbun patrún cur isteach a fhéachann le gníomhartha áirithe a fháil ón Aontas nó ó na Ballstáit nó ó thíortha eile;

(c) a mhéid a dhéanann an beart tríú tír cúngú ar cheannasacht an Aontais nó na mBallstát;

(d) an bhfuil an tríú tír ag gníomhú ar bhonn ábhar imní dlisteanach a aithnítear go hidirnáisiúnta;

(e) an ndearna an tríú tír iarrachtaí cearta, roimh fhorchur a mbeart, de mheon macánta, réiteach a fháil ar an gcás trí chomhordú nó breithniú idirnáisiúnta, bíodh sin déthaobhach nó laistigh d'fhóram idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndearnadh, ar cén bealach a ndearnadh iad.

*Airteagal 3*

Scrúdú a dhéanamh ar bhearta tríú tíortha

1. Féadfaidh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar aon bheart tríú tír chun a chinneadh an gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1). Gníomhóidh an Coimisiún go gasta.

2. Féadfaidh an Coimisiún an scrúdú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar a thionscnamh féin nó tar éis faisnéis a fháil ó aon fhoinse. Áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar faisnéis rúnda i gcomhréir le hAirteagal 12, rud a bhféadfadh céannacht sholáthróir na faisnéise a bheith san áireamh inti.

3. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis a lorg faoi thionchar bhearta an tríú tír lena mbaineann.

Féadfaidh an Coimisiún fógra a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó trí mhodhanna cumarsáide poiblí oiriúnacha eile mar aon le cuireadh chun faisnéis a chur isteach laistigh de theorainn shonrach ama. Sa chás sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra don tríú tír lena mbaineann maidir leis an scrúdú a thosú.

*Airteagal 4*

Cinneadh maidir leis an beart tríú tír

Tar éis scrúdú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3, glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena gcinnfear an gcomhlíonann beart an tríú tír lena mbaineann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1). Gníomhóidh an Coimisiún go gasta.

Sula nglacfaidh sé a chinneadh, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an tríú tír lena mbaineann a chuid barúlacha a thíolacadh.

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go gcomhlíonann beart an tríú tír lena mbaineann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1), tabharfaidh sé fógra don tríú tír lena mbaineann faoina chinneadh agus iarrfaidh sé uirthi scor den chomhéigean eacnamaíoch agus, i gcás inarb iomchuí, an díobháil a d'fhulaing an tAontas nó a Bhallstáit a dheisiú.

### *Airteagal 5*

### Rannpháirtíocht leis an tríú tír lena mbaineann

Beidh an Coimisiún oscailte le bheith rannpháirteach thar ceann an Aontais leis an tríú tír lena mbaineann, chun roghanna a fhiosrú d'fhonn ann comhéigean eacnamaíoch a scor. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis na roghanna sin:

– caibidlíocht dhíreach;

– idirghabháil, idir-réiteach nó dea-mhéin chun cúnamh a thabhairt don Aontas agus leis don tríú tír lena mbaineann sna hiarrachtaí sin;

– an t-ábhar a chur faoi bhráid breithniú idirnáisiúnta.

Féachfaidh an Coimisiún le scor den chomhéigean eacnamaíoch a bhaint amach tríd an gceist a tharraingt anuas freisin in aon fhóram idirnáisiúnta ábhartha.

Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na forbairtí ábhartha.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith oscailte le bheith rannpháirteach leis an tríú tír lena mbaineann tar éis bearta freagartha an Aontais a ghlacadh de bhun Airteagal 7. Féadfaidh an Coimisiún na hiarrachtaí sin a shaothrú, de réir mar a bheidh, i gcomhar le fionraíocht aon bhirt freagartha ón Aontas, de bhun Airteagal 10(2).

### *Airteagal 6*

### Comhar idirnáisiúnta

Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin nó comhar, thar ceann an Aontais, le haon tír eile a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch difear di, nó le haon tríú tír leasmhar, d'fhonn an comhéigean a scor. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh comhordú i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus comhordú mar fhreagairt ar an gcomhéigean a bheith i gceist leis sin.

### *Airteagal 7*

### Bearta freagartha an Aontais

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcinnfear go ndéanfaidh sé beart freagartha de chuid an Aontas sna cásanna seo a leanas:

    (a) nach é an toradh a bhí ar ghníomhaíocht de bhun Airteagail 4 agus 5 scor den chomhéigean eacnamaíoch agus cúiteamh na díobhála a rinne sé don Aontas nó do Bhallstát laistigh de thréimhse réasúnta ama;

    (b) tá gá le gníomhaíocht chun leasanna agus cearta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint sa chás áirithe sin, agus

    (c) is chun leasa an Aontais atá sé gníomhaíocht a dhéanamh.

Sa ghníomh cur chun feidhme, cinnfidh an Coimisiún freisin freagairt iomchuí an Aontais as measc na mbeart dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I. Féadfaidh feidhm a bheith ag na bearta sin freisin maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 8. Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh freisin, ar bearta iad is féidir leis a dhéanamh de bhun ionstraimí dlíthiúla eile.

Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

2. Beidh feidhm ag bearta freagartha an Aontais ó dháta sonraithe tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1. Socróidh an Coimisiún an dáta cur i bhfeidhm sin, agus na himthosca á gcur san áireamh aige, ionas go bhféadfar fógra a thabhairt don tríú tír lena mbaineann de bhun mhír 3 agus ionas go bhféadfaidh an tríú tír an comhéigean eacnamaíoch a scor.

3. Ar ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún fógra don tríú tír lena mbaineann maidir le bearta freagartha an Aontais arna nglacadh de bhun mhír 1. San fhógra sin, iarrfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, ar an tríú tír lena mbaineann an comhéigean eacnamaíoch a scor go pras, tairgfidh sé réiteach a chaibidliú, agus cuirfidh sé ann tríú tír lena mbaineann ar an eolas go mbeidh feidhm beart freagartha an Aontais mura scoirtear den chomhéigean eacnamaíoch.

4. Luafar sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 go gcuirfear cur i bhfeidhm na mbeart freagartha Aontais siar ar feadh tréimhse a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme sin, má tá faisnéis inchreidte ag an gCoimisiún gur scoir an tríú tír den chomhéigean eacnamaíoch roimh thús chur i bhfeidhm na mbeart freagartha Aontais arna nglacadh Sa chás sin, foilseoidh an Coimisiún fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ina léireofar gurb ann don fhaisnéis sin agus léireofar freisin an dáta óna mbeidh feidhm ag an iarchur. Má scoireann an tríú tír den chomhéigean eacnamaíoch sula gcuirfear tús le cur i bhfeidhm na mbearta freagartha Aontais, déanfaidh an Coimisiún bearta freagartha an Aontais a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 10.

5. D'ainneoin mhíreanna 2, 3 agus 4, féadfaidh feidhm a bheith ag bearta freagartha an Aontais gan an Coimisiún, thar ceann an Aontais, agus é á iarraidh ar an tríú tír lena mbaineann, uair amháin eile, an comhéigean eacnamaíoch a scor nó gan fógra a bheith tugtha ag an gCoimisiún dó ar dtús go mbeidh feidhm ag beart freagartha an Aontais, i gcás inar gá sin chun cearta agus leasanna an Aontais nó na mBallstát a chaomhnú, go háirithe maidir le héifeachtacht bhearta freagartha an Aontais.

6. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo chun dochar doleasaithe don Aontas agus dá Bhallstáit ó na bearta um chomhéigean eacnamaíoch a sheachaint, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme láithreach a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3). Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 5. Fanfaidh na gníomhartha sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun an liosta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a leasú chun cineálacha breise beart a sholáthar chun freagairt bheart de chuid tríú tír.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh i gcás ina mbainfeadh an méid seo a leanas leis na cineálacha beart freagartha:

(a) tá siad chomh héifeachtach nó níos éifeachtaí ná na bearta freagartha dá bhforáiltear cheana i dtéarmaí scor na mbeart um chomhéigean eacnamaíoch a spreagadh;

(b) sholáthróidís faoiseamh atá chomh héifeachtach nó níos éifeachtaí d'oibreoirí eacnamaíocha laistigh den Aontas, ar oibreoirí eacnamaíocha iad a ndearnadh na bearta um chomhéigean eacnamaíoch difear dóibh;

(c) sheachnóidís nó d'íoslaghdóidís an tionchar diúltach ar na gníomhaithe a ndearnadh difear dóibh. nó

(d) sheachnóidís nó d'íoslaghdóidís castacht agus costais riaracháin.

*Airteagal 8*

Bearta freagartha an Aontais maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha

1. Sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 7(1), nó i ngníomh cur chun feidhme ar leith, féadfaidh an Coimisiún foráil a dhéanamh:

(a) go mbeidh daoine dlítheanacha nó nádúrtha arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (a) de mhír 2 faoi réir bearta freagartha an Aontais; nó

(b) gan dochar do fhreagracht an tríú tír faoin dlí idirnáisiúnta, go mbeidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid an Aontais a ndéanann bearta um chomhéigean eacnamaíoch an tríú tír difear dóibh i dteideal aon damáiste a d'eascair ó na bearta um chomhéigean eacnamaíoch a chúiteamh ó dhaoine arna n-ainmniú de bhun mhír 2, pointe (b), sa mhéid gur rannchuidigh na daoine ainmnithe sin leis na bearta um comhéigean eacnamaíoch sin.

Beidh feidhm ag na bearta sin amhail ón dáta cur i bhfeidhm céanna le bearta freagartha an Aontais arna nglacadh de bhun Airteagal 7, nó amhail ó dháta níos déanaí arna shonrú sa ghníomh cur chun feidhme de bhun na míre seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

2. Féadfaidh an Coimisiún duine nádúrtha nó dlítheanach a ainmniú i gcás ina bhfaigheann sé amach:

(a) go bhfuil an duine sin bainteach nó nasctha le rialtas an tríú tír lena mbaineann; nó,

(b) go bhfuil an duine sin bainteach nó nasctha le rialtas an tríú tír lena mbaineann agus go raibh sé ina chúis leis an gcomhéigean eacnamaíoch nó go raibh sé páirteach sa chomhéigean eacnamaíoch nó bainteach leis.

3. Agus an t-ainmniú sin á dhéanamh aige, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar na critéir ábhartha uile agus an fhaisnéis uile atá ar fáil, lena n-áirítear an eol go ngníomhóidh

na daoine lena mbaineann go héifeachtach thar ceann rialtas an tríú tír, nó an bhfuil siad faoi úinéireacht thairbhiúil rialtas an tríú tír nó an bhfuil siad á rialú go héifeachtach aige ar bhealach eile.

4. I gcás ina bhfuil forais ag an gCoimisiún lena mheas gur cheart daoine a ainmniú de bhun mhír 2, pointe (a) nó pointe (b), foilseoidh sé liosta sealadach de dhaoine agus, i gcás inarb ábhartha, na bearta a d'fhéadfadh a bheith ann de bhun Iarscríbhinn I a mbeadh siad faoina réir. Sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le hainmniú, tabharfaidh sé an deis d'aon duine a ainmneofar go sealadach agus do pháirtithe leasmhara eile barúlacha a chur isteach maidir leis an ainmniú a d'fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe an dtagann siad faoi choinníollacha mhír 2, phointe (a) nó phointe (b). Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a lorg a mheasann sé a bheith ábhartha maidir leis an ainmniú a d'fhéadfaí a dhéanamh.

*Airteagal 9*

Critéir chun bearta freagartha an Aontais a roghnú agus a dhearadh

1. Ní rachaidh aon bheart freagartha de chuid an Aontais thar an leibhéal atá in-chomhthomhaiste leis an díobháil a bhain don Aontas nó do Bhallstát de bharr bhearta an tríú tír um chomhéigean eacnamaíoch, agus a thromchúisí atá bearta an tríú tír agus na cearta atá i gceist á gcur san áireamh.

2. Déanfaidh an Coimisiún beart freagartha iomchuí a roghnú agus a dhearadh, ag cur san áireamh an cinnidh a rinneadh de bhun Airteagal 4, na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 2(2) agus leas an Aontais, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear mar a bailíodh í de bhun Airteagal 11, agus na gcritéar seo a leanas:

(a) éifeachtacht na mbeart chun scor den chomhéigean eacnamaíoch a spreagadh;

(b) acmhainneacht na mbeart faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha laistigh den Aontas a ndearnadh an comhéigean eacnamaíoch difear dóibh;

(c) seachaint nó íoslaghdú tionchar diúltach ar ghníomhaithe a ndéanann bearta freagartha an Aontais difear dóibh, lena n-áirítear infhaighteacht roghanna malartacha do ghníomhaithe a ndearnadh difear dóibh, mar shampla foinsí malartacha soláthair le haghaidh earraí nó seirbhísí;

(d) seachaint nó íoslaghdú tionchar diúltach ar bheartais nó cuspóirí eile an Aontais;

(e) castacht dhíréireach riaracháin agus costais dhíréireacha a sheachaint agus na bearta freagartha de chuid an Aontais á gcur chun feidhme;

(f) gurb ann d'aon bheart freagartha agus cineál aon bhirt freagartha arna achtú ag tíortha eile a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch difear dóibh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, aon chomhordú de bhun Airteagal 6;

(g) aon chritéar iomchuí eile arna shuí sa dlí idirnáisiúnta.

3. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh bearta freagartha an Aontais a chur i bhfeidhm faoi Airteagail 7 nó 8 ina mbeidh srianta ar infheistíocht dhíreach eachtrach nó ar thrádáil seirbhísí agus i ndáil le seirbhísí arna soláthar freisin, nó infheistíochtaí díreacha arna ndéanamh, laistigh den Aontas ag duine dlítheanach amháin nó níos mó ná sin atá bunaithe san Aontas agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine ón tríú tír lena mbaineann, i gcás inar gá sin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm den sórt sin i gcás nach leor bearta freagartha an Aontais nach gcumhdaíonn cásanna den sórt sin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go héifeachtach, go háirithe i gcás ina bhféadfaí bearta den sórt sin a sheachaint. Agus measúnú á dhéanamh aige ar cheart dó cinneadh den sórt sin a ghlacadh, breithneoidh an Coimisiún, i dteannta na gcritéar i míreanna 1 agus 2, i measc nithe eile:

(a) patrúin na trádála i seirbhísí agus san infheistíocht san earnáil a bhfuiltear ag díriú orthu le bearta freagartha an Aontais atá beartaithe agus an riosca go seachnófar aon bheart freagartha de chuid an Aontais nach bhfuil feidhm aige maidir le seirbhísí arna soláthar, nó infheistíochtaí díreacha a rinneadh, laistigh den Aontas;

(b) rannchuidiú éifeachtach na srianta laistigh den Aontas sin leis an gcuspóir scor den bheart um chomhéigean eacnamaíoch a bhaint amach;

(c) gurb ann do bhearta malartacha a d'fhéadfadh an cuspóir a bhaint amach maidir leis na bearta um chomhéigean eacnamaíoch a scor, ar bearta iad atá ar fáil go réasúnta agus nach bhfuil chomh sriantach céanna le trádáil seirbhísí nó le hinfheistíocht laistigh den Aontas.

Aon chinneadh srianta a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí arna soláthar, nó le hinfheistíochtaí díreacha a rinneadh laistigh den Aontas ag duine dlítheanach amháin nó níos mó atá bunaithe san Aontas, tabharfar údar cuí leis sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 7 i bhfianaise na gcritéar thuas.

*Airteagal 10*

Bearta freagartha an Aontais a leasú, a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar na bearta um chomhéigean eacnamaíoch arna n-úsáid ag tríú tír agus a spreag bearta freagartha an Aontais, ar éifeachtacht na mbeart freagartha Aontais a glacadh agus ar a n-éifeachtaí ar leasanna an Aontais, agus coinneoidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas fúthu.

2. I gcás ina gcuireann an tríú tír lena mbaineann an comhéigean eacnamaíoch ar fionraí, nó i gcás inar gá sin chun leasa an Aontais, féadfaidh an Coimisiún cur i bhfeidhm an bhirt freagartha sin de chuid an Aontais a chur ar fionraí fad a mhairfidh fionraíocht an tríú tír, nó a fhad is gá sin i bhfianaise leas an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún bearta freagartha an Aontais ar fionraí más rud é gur thairg an tríú tír lena mbaineann comhaontú, agus go bhfuil an comhaontú sin tugtha i gcrích ag an Aontas, ar comhaontú é chun an t-ábhar a chur faoi bhreithniú idirnáisiúnta tríú páirtí agus má chuireann an tríú tír a bearta um chomhéigean eacnamaíoch ar fionraí freisin. Trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinnfidh an Coimisiún beart freagartha

an Aontais a chur ar fionraí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

3. I gcás inar gá bearta freagartha an Aontais a choigeartú, agus na coinníollacha agus na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 agus in Airteagal 9(2) á gcur san áireamh, nó forbairtí breise, lena n-áirítear freagairt an tríú tír, féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, bearta freagartha an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 a leasú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

4. Déanfaidh an Coimisiún bearta freagartha an Aontais a fhoirceannadh faoi aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) i gcás inar scoireadh den chomhéigean eacnamaíoch;

(b) i gcás inar thángthas ar réiteach arna chomhaontú ar bhonn frithpháirteach ar shlí eile;

(c) i gcás inar gá beart freagartha an Aontais a tharraingt siar mar gheall ar chinneadh ceangailteach arna ghlacadh mar chuid de bhreithniú idirnáisiúnta tríú páirtí i ndíospóid idir an tríú tír lena mbaineann agus an tAontas nó Ballstát;

(d) i gcás inarb iomchuí i bhfianaise leas an Aontais.

déanfar cinneadh maidir le foirceannadh na mbeart freagartha Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

5. Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme is infheidhme láithreach a ghlacadh, gníomhartha lena gcuirtear ar fionraí, lena leasaítear nó lena gcuirtear deireadh le bearta freagartha an Aontais arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 7. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(3) agus leanfaidh siad d’fheidhm a bheith acu ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí.

*Airteagal 11*

Bailiú faisnéise a bhaineann le bearta freagartha an Aontais

1. Roimh ghlacadh na mbeart freagartha Aontais nó roimh leasú ar na bearta sin, déanfaidh an Coimisiún faisnéis agus tuairimí a lorg maidir leis an tionchar eacnamaíoch ar oibreoirí an Aontais agus ar leas an Aontais, trí fhógra a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó trí aon mhodh cumarsáide poiblí eile atá oiriúnach, agus féadfaidh an Coimisiún sin a dhéanamh roimh chur ar fionraí nó foirceannadh na mbeart sin, faoi seach. Luafar san fhógra an tréimhse ar laistigh di a bheidh an t-ionchur le cur isteach.

2. Féadfaidh an Coimisiún tús a chur le bailiú na faisnéise tráth ar bith is iomchuí leis.

3. Agus é i mbun an bhailithe faisnéise faoi mhír 1, cuirfidh an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas agus rachaidh sé i gcomhairle leo, go háirithe comhlachais tionscail, ar páirtithe leasmhara iad a ndéanann bearta freagartha an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann difear dóibh, agus déanfaidh sé amhlaidh do na Ballstáit atá rannpháirteach in ullmhú nó i gcur chun feidhme reachtaíochta lena rialaítear na réimsí lena mbaineann.

4. Gan moill mhíchuí a chur ar ghlacadh na mbeart freagartha de chuid an Aontais, lorgóidh an Coimisiún, go háirithe, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) tionchar na mbeart sin ar ghníomhaithe tríú tír nó ar iomaitheoirí, úsáideoirí nó tomhaltóirí an Aontais nó ar fhostaithe an Aontais, ar chomhpháirtithe gnó nó ar chliaint na ngníomhaithe sin;

(b) idirghníomhú beart den sórt sin le reachtaíocht ábhartha na mBallstát;

(c) an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar bhearta den sórt sin;

(d) leas an Aontais.

5. Tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar an bhfaisnéis a bhailítear le linn an chleachtaidh bailithe faisnéise. Beidh anailís ar na bearta atá beartaithe ag gabháil leis an dréachtghníomh cur chun feidhme nuair a chuirfear faoi bhráid an choiste é i gcomhthéacs an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

6. Sula nglacfar gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 7(6) nó le hAirteagal 10(5), lorgóidh an Coimisiún faisnéis agus tuairimí ó pháirtithe leasmhara ábhartha ar bhealach spriocdhírithe, mura rud é go bhfuil na mórchúiseanna práinne den sórt sin nach féidir faisnéis a lorg ná comhairliúcháin a dhéanamh nó nach bhfuil gá leo ar chúiseanna oibiachtúla, mar shampla chun comhlíonadh oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais a áirithiú.

*Airteagal 12*

Rúndacht

1. Ní dhéanfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid ach amháin chun na críche ar iarradh í.

2. Féadfaidh soláthróir na faisnéise a iarraidh go gcaithfear leis an bhfaisnéis arna soláthar mar fhaisnéis rúnda. Sna cásanna sin, beidh achoimre neamhrúnda ag gabháil léi nó ráiteas ina míneofar na cúiseanna nach féidir achoimre a thabhairt ar an bhfaisnéis. Ní nochtfaidh an Coimisiún, an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit, ná a n-oifigigh aon fhaisnéis de chineál rúnda arna fáil de bhun an Rialacháin seo, gan cead sonrach a fháil ó sholáthróir na faisnéise sin.

3. Ní chuirfear cosc ar an gCoimisiún le mír 2 faisnéis ghinearálta a nochtadh i bhfoirm achomair, nach bhfuil faisnéis inti lenar féidir soláthróir na faisnéise a shainaithint. Cuirfear leas dlisteanach na bpáirtithe lena mbaineann, is é sin nach nochtfaí aon fhaisnéis rúnda, san áireamh agus an nochtadh sin á dhéanamh.

*Airteagal 13*

Rialacha tionscnaimh

1. Déanfar tionscnamh nó náisiúntacht earra, seirbhíse, soláthraí seirbhíse, infheistíochta nó cirt maoine intleachtúla a chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 chun pointí 2 go 4 d'Iarscríbhinn II a leasú chun na rialacha tionscnaimh a leasú agus aon riail theicniúil eile is gá a chur isteach chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, chun a éifeachtacht a áirithiú agus chun forbairtí ábhartha in ionstraimí idirnáisiúnta agus taithí ar chur i bhfeidhm beart faoin Rialachán seo nó faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais a chur san áireamh.

*Airteagal 14*

Gníomhartha Tarmligthe

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(7) agus Airteagal 13(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [dháta teacht i bhfeidhm].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(7) agus Airteagal 13(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(7) agus Airteagal 13(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 15*

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh Coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

*Airteagal 16*

Athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar aon bheart freagartha de chuid an Aontais a ghlacfar de bhun Airteagal 7 sé mhí tar éis a fhoirceannta, agus ionchur ó pháirtithe leasmhara agus aon fhaisnéis ábhartha eile á gcur san áireamh. Déanfar scrúdú ar éifeachtacht agus ar oibriú bheart freagartha an Aontais sa tuarascáil mheastóireachta, agus beidh conclúidí féideartha inti maidir le bearta a dhéanfar amach anseo.

2. Tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis ghlacadh an chéad ghnímh cur chun feidhme faoin Rialachán seo nó sé bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cibé acu is luaithe, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus ar a chur chun feidhme agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

*Airteagal 17*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| An comhbheartas tráchtála |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

× beart nua

☐beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[14]

☐síneadh ar bheart atá ann cheana

☐beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is é is aidhm don togra seo le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chosaint trína chur ar chumas an Aontais freagairt don chomhéigean eacnamaíoch. Tagraíonn comhéigean eacnamaíoch do chás ina bhfuil tríú tír ag iarraidh brú a chur ar an Aontas nó ar Bhallstát rogha beartais ar leith a dhéanamh trí bhearta a chur i bhfeidhm a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht i gcoinne an Aontais nó i gcoinne Ballstáit, nó trí bhagairt ar iad a chur i bhfeidhm. |

#### *1.4.2. Cuspóir(í) sonrach(a)*

| |
|---|
| Tá sé d'aidhm ag freagairt an Aontais, nó den fháil ar an bhfreagairt sin, tríú tíortha a dhíspreagadh ó bheith ag gabháil don chomhéigean eacnamaíoch, ar an gcéad dul síos, nó iad a dhíspreagadh ó leanúint leis an gcomhéigean eacnamaíoch, má tharlaíonn comhéigean eacnamaíoch. Mar rogha dheireanach, féadfaidh an tAontas gníomhú in aghaidh an chomhéigin eacnamaíoch. Féadfaidh freagairt an Aontais a bheith i bhfoirm raon leathan beart, tar éis cinneadh maidir le gníomh a bheith comhéigneach, lena n-áirítear iarrachtaí dul i mbun comhairliúcháin leis an tríú tír lena mbaineann chun réiteach comhaontaithe nó breithnithe a éascú, i gcás inar féidir, frithbhearta éagsúla agus comhar idirnáisiúnta. |

[14] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Tá na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo suntasach. Tagann siad chun cinn ar an gcéad dul síos ón éifeacht díspreagtha ar leibhéal an raoin feidhme, lenar gabhadh bearta um chomhéigean eacnamaíoch den chuid is mó, agus ar leibhéal an raoin beart, lena gceadaítear freagairt chalabraithe agus éifeachtach. Mar thoradh ar éifeacht díspreagtha rathúil, ní bhainfear úsáid ar bith as an ionstraim, nó ní bhainfear úsáid theoranta aisti, sa chás is fearr. Eascraíonn tairbhí freisin as an bpróiseas dhá chéim lena dtugtar tús áite do chur chuige neamh-idirghabhálacha (réitigh chomhaontaithe i gcoinne frithbheart), agus don oscailteacht chun a bheith rannpháirteach leis an tríú tír, ach freisin ón gcumas chun freagairt go tapa le frithbhearta, i gcás inar gá chun leasanna an Aontais agus a Bhallstát a chosaint. Ní thiocfaidh aon chostais shuntasacha as an ionstraim a bheith ann, mar sin. D'fhéadfadh costais éagsúla a bheith ann mar thoradh ar úsáid na hionstraime i gcásanna aonair, go háirithe má úsáideann an tAontas frithbhearta. Chuirfí aon chostais san áireamh agus an beart ar leith á dhearadh.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

- Líon na mbeart comhéigneach arna sainaithint in aghaidh na bliana, chomh maith lena méid;
- Líon agus cineál na ngníomhaíochtaí céadrogha agus a dtoradh, go háirithe más rud é gur scoir siad den bheart comhéigneach nó aon athrú eile;
- Líon agus cineál na bhfrithbheart arna nglacadh ag an AE, a ré agus a dtionchar, agus go háirithe má chuir siad stop leis an mbeart comhéigneach.

Beidh sé níos deacra tionchar na hionstraime per se a thomhas, ós rud é go mbeidh sé deacair an cás frithfhíorasach (i.e. an staid a bheadh ann in éagmais na hionstraime) a bhunú. Mar sin féin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin iarracht leanúint de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun faireachán a dhéanamh ar a dtaithí agus ar a dtuairimí maidir le tionchar na hionstraime.

Foráiltear leis an togra reachtach d'athbhreithniú, laistigh de thréimhse réasúnach ama, ar fheidhmiú agus ar chur i bhfeidhm na hionstraime, agus oibleagáidí tuairiscithe ann do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ní bhaineann le hábhar

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante) Is é Airteagal 207(2) CFAE an bunús dlí atá leis an rialachán atá beartaithe. Déantar foráil in Airteagal 207(2) CFAE maidir le bearta a ghlacadh lena sainítear an creat chun an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme. Sainítear in Airteagal 207(1) CFAE raon feidhme an chomhbheartais tráchtála, a thagraíonn, inter alia, do thrádáil earraí agus seirbhísí, agus do ghnéithe tráchtála na maoine intleachtúla, na hinfheistíochta dírí eachtraí, an bheartais onnmhairiúcháin agus bearta chun trádáil a chosaint. Baineann an tionscnamh le bearta tíortha eachtracha atá i bhfoirm beart a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht chuig an Aontas. Tugann an tionscnamh freagra, i réimse an chomhbheartais tráchtála agus i réimsí eile freisin, ar bhearta um chomhéigean eacnamaíoch tíortha eachtracha.

Foráiltear le hAirteagal 5(3) CAE go bhfuil feidhm ag prionsabal na coimhdeachta i réimsí nach dtagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Foráiltear le hAirteagal 3(1)(e) CFAE go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas i réimse an chomhbheartais tráchtála. Tagann Airteagal 207(2) CFAE faoi chatagóir na n-inniúlachtaí eisiacha. Dá bhrí sin, ní thagann ceist na coimhdeachta chun cinn a mhéid a thagann bearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch agus/nó freagairt an Aontais faoin gcomhbheartas tráchtála.

In aon chás, is le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amháin a d'áiritheofaí réiteach aonfhoirmeach ar fhadhb is ábhar imní don Aontas ina iomláine. Is iad na Ballstáit atá freagrach as a gcearta a chosaint faoin dlí idirnáisiúnta agus tá siad in ann gníomhú chun na cearta sin a chosaint. Áirítear leis sin a gceart chun gníomhú i gcoinne comhéigean eacnamaíoch idirnáisiúnta, fad is a dhéanann siad amhlaidh gan bearta a dhéanamh a bhfuil an tAontas inniúil go heisiach ina leith. Mar sin féin, ní féidir le Ballstát reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm chun comhéigean eacnamaíoch atá dírithe ar an Aontas agus nach bhfuil i gcoinne an Bhallstáit sin a chumhdach. Thairis sin, ní bheadh an reachtaíocht náisiúnta in ann réiteach éifeachtach a chur ar fáil sa chás is ábhar imní don Aontas ina iomláine ná ar fud na mBallstát. Is í gníomhaíocht an Aontais an t-aon rogha amháin faoinar féidir leis an Aontas a oibleagáid a chur chun feidhme maidir leis an gcomhbheartas tráchtála a shainiú agus a sheoladh, agus ní féidir leis na Ballstáit gníomhú sa réimse sin.

I gcás iomláine, meastar gurb é an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais sochair a bhaint amach nach féidir a bhaint amach go leordhóthanach, más rud é ar chor ar bith, ar leibhéal na mBallstát. Baineann na tairbhí sin le díspreagadh agus le frithéileamh i gcoinne comhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha chun neamhspleáchas an Aontais agus na mBallstát ó thaobh ceapadh beartas de a chaomhnú agus an trádáil agus an infheistíocht a chosaint ón armáil.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ tréimhse theoranta

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

× tréimhse neamhtheoranta

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[15]

× Bainistiú díreach a dhéanann an Coimisiún

– × ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistiú atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ Bainistiú indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

[15] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.

Nótaí

| |
|---|
| |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

### 2.2. Córais bainistithe agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[16]. | ó thíortha de chuid CSTE[17] | ó thíortha is iarrthóirí[18] | ó thriú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21 (2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN. | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thriú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21 (2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

16 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
17 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
18 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Uimhir | |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | Bliain N[19] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid[20] | Gealltanais | (1a) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[21] | | | | | | | | | | |

19 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

20 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe i gcomhair AS <…….> | Gealltanais | =1a +1b +3 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =2a +2b +3 | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <….> den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| •IOMLÁN na leithreasuithe faoi | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |

[21] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | | | | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: TRÁDÁIL | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 5.495 |
| • Caiteachas eile riaracháin | | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.140 |
| IOMLÁN AS TRADE | Leithreasuithe | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 5.635 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 5.635 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 5.635 |
| | Íocaíochtaí | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 5.635 |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Sonraigh cuspóirí agus aschuir | | | Bliain N | | Bliain N+1 | | Bliain N+2 | | Bliain N+3 | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | IOMLÁN | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ASCHUIR | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Saghas[22] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[23]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

22 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

23 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | |
| IOMLÁIN | | | | | | | | | | | | | | | | |

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 0.785 | 5.495 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.020 | 0.140 |
| Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 5.635 |
| Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[24] den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |

24 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 0.805 | 5.635 |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

| | | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach) | | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| • Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE)[25] | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 xx yy zz[26] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| IOMLÁN | | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 | 5 |

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den

25 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

26 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | An ionstraim nua a bhainistiú agus a oibriú; cur i bhfeidhm na hionstraime nua; faireacháin a dhéanamh ar bhearta tríú tír a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cur i bhfeidhm na hionstraime; faireacháin a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag bearta freagartha an Aontais agus ag bearta tríú tír; aimsiú fíoras; comhairle dhlíthiúil |
| Pearsanra seachtrach | |

### 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– X is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla excel ar fáil i gcás athchlárú mór. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid. |

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

### 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– X ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain N[27] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[27] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[28] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain N | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[…]

28 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.